

Cártaí taistil *Leap*

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ainmneacha Gaeilge ar na cártaí taistil *Leap*. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal/na bhfrásaí seo a aimsiú?



1. cáineadh _____
2. pioc sásta _____
3. raic _____
4. eagraíocht stáit _____
5. dá réir _____
6. dualgas _____
7. reachtaíocht _____
8. síneadh fada _____
9. clamhsán _____
10. saineolaí teicneolaíochta _____
11. pas _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus tabhair cúig phointe eolais don duine in aice leat faoina bhfaca tú.

Ceist 3

Féach ar an mír arís agus breac síos pointe amháin eolais faoi na daoine/na dreamanna seo a luadh inti.

Údarás Náisiúnta Iompair	
Rónán Ó Domhnaill	
Emma Ní Chearúil	
Michael Barry Ó Flatharta	

Ceist 4

An aidiacht bhriathartha

1. Cad iad aidiachtaí briathartha na mbriathra seo – *déan*, *tarraing* agus *faigh*. Bhí siad le cloisteáil sa mhír.

2. Aimsigh aidiachtaí briathartha na mbriathra thíos anois agus cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

forbair, scríobh, cuir, cáin, abair, bain

Ceist 5 ‘...a deirtear...’

1. Bain úsáid as na briathra – cuir, dún, aimsigh, ceannaigh – chun na rialacha a bhaineann leis an saorbhriathar san aimsir láithreach a chur in iúl.
2. An cuimhin leat na briathra neamhrialta? Breac síos an saorbhriathar do gach briathar neamhrialta anois san aimsir láithreach.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An mbaineann tú féin úsáid as an leagan Gaeilge de d’ainm? Cén fáth?
2. Cad a cheapann tú faoin scéal nuachta seo? An gcuireann sé fearg ort nó an cuma leat?
3. An ndéanann an Stát go leor chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa tír? Mínigh.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- | | |
|-------------------------------|------------------------------------|
| 1. cáineadh | <i>criticism</i> |
| 2. pioc sásta | <i>a bit happy</i> |
| 3. raic | <i>racket, uproar</i> |
| 4. eagraíocht stáit | <i>state-owned organisation</i> |
| 5. dá réir | <i>accordingly</i> |
| 6. dualgas | <i>duty</i> |
| 7. reachtaíocht | <i>legislation</i> |
| 8. síneadh fada | <i>length accent, acute accent</i> |
| 9. clamhsán | <i>complaint</i> |
| 10. saineolaí teicneolaíochta | <i>technology expert</i> |
| 11. pas | <i>passport</i> |

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Déan - déanta, tarraing – tarraingthe agus faigh - faighte.
2. Forbair - forbartha, scríobh - scríofa, cuir - curtha, cáin - cáinte, abair - ráite, bain – bainte.

Ceist 5

1.
Cuir – cuirtear, ní cuirtear, an gcuirtear...?, go gcuirtear.
Dún – dúntar, ní dhúntar, an ndúntar...?, go ndúntar.
Aimsigh – aimsítear, ní aimsítear, an aimsítear...? go n-aimsítear.
Ceannaigh – ceannaítear, ní cheannaítear, an gceannaítear...? go gceannaítear.
- 2.

Abair	deirtear
Beir	beirtear
Clois	cloistear
Déan	déantar
Faigh	faightear
Feic	feictear
Ith	itear
Tabhair	tugtar
Tar	tagtar
Téigh	téitear
Bí	táthar (bítear sa ghnáthláithreach)

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Anois, tá cáineadh déanta ar an Údarás Náisiúnta Iompair mar nach bhfuil an córas atá i bhfeidhm ag an Údarás dá gcártaí *Leap* ábalta an fada i nGaeilge¹ a chur ar ainmneacha a gcustaiméirí, a deirtear. Deir cainteoirí Gaeilge nach bhfuil siad pioc sásta leis seo.

Aodhán Ó Maoileoin

Tá raic tarraingthe ag an Údarás Náisiúnta Iompair de bharr nach féidir síneadh fada a chur ar ainmneacha Gaeilge ar an gcóras taistil *Leap* in ionaid éagsúla. Is eagraíocht stáit an tÚdarás agus dá réir tá dualgas orthu seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil, cé nach bhfuil aon reachtaíocht ann go gcaithfear síneadh fada a chur ar ainm duine.

I ráiteas a thug an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, deir sé gur cuid dhílis d'ainm an síneadh fada, agus go raibh an-difriocht idir 'Seán' agus 'Sean'.

Deir sé go bhfuil go leor clamhsán faighte ag an oifig maidir le síntí fada ar chórais éagsúla.

Ní tharlódh a leithéid sa bhFrainc ná sa nGearmáin a deir Emma Ní Chearúil, bean a bhfuil a cárta taistil *Leap* féin ceart, ós rud é go ndearna sí an t-iarratas ar líne.

Emma Ní Chearúil, Conradh na Gaeilge

Rud an-bhunúsach atá ann d'ainm a bheith ceart agus ba cheart go mbeadh meas air sin i gcónaí. Níl sé deacair na seirbhísí seo a chur ar fáil agus go mbeadh siad cruinn. Agus, baineann sé le reachtaíocht freisin, faoi RTCS nó GDPR, airteagal 16, is gá go mbeadh na sonraí seo ceart nó tá sárú á dhéanamh ar an dlí sin.

Aodhán Ó Maoileoin

Deir an saineolaí teicneolaíochta le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Michael Barry Ó Flatharta, go bhfuil an oiread forbartha déanta ar an teicneolaíocht anois nár cheart go mbeadh aon fhadhb le cártaí aitheantais de shaghas ar bith a bheith i nGaeilge.

Michael Barry Ó Flatharta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Tá an síneadh fada ar an gcóras ríomhaireachta ag dul siar go dtí tús ama sna nóchaidí go mór mór. Agus, tá go leor eagraíochtaí stáit ag baint úsáid as an síneadh fada, mar shampla do phas. Tá tú in ann do phas a ordú ar líne le síntí fada ann. So, eagraíochtaí stáit a deir nach bhfuil an córas acu, níl ann ach leithscéal i ndáiríre.

Aodhán Ó Maoileoin, Nuacht TG4.

¹ *Gaolainn* a deirtear i gCanúint na Mumhan